

# Variety night will raise funds for senior citizens

A VARIETY night will be held in Talk of the Town on Saturday 19 November to raise funds for Christmas gifts for our senior citizens and those living alone in the area.

All locals are asked to please help or make a donation to Karen Furlong on 085 7529200 or Selina Byrne on 086 03437652. Your support would be very much appreciated.

## Kiltegan

CONTACT: BEN LENNON  
TEL: 087 9436187



### WHIST RESULTS

Results of the recent whist driver were as follows: top score, Laurence Corcoran; first lady, Theresa Fitzgerald; second lady, Elizabeth Kavanagh and

Dominic Balfe; first gent, Helen Kavanagh; second gent, Seamus Sweeney; halves: lady, Rita Balfe, gent, Laurence Murphy. Raffle winners were Lena Dillon, Theresa Fitzgerald, Marie Byrne and Rita

Balfe.

### COUNTRY MARKET

Baltinglass and District Country Market takes place at Stratford Lodge Old School, Church Lane every Saturday morning from 10am to 1pm. They celebrate their third birthday party on 26 November with mulled wine and mince pies. Come along and enjoy the Christmas fare, which is available from 3 December.

### FANCY DRESS

A big thank you to all who supported the fancy dress recently in Talk of the Town. Thanks to all who made the effort and congratulations to the best-dressed person Paul Francis Byrne. Thanks to those who sponsored prizes, to Breda for collecting on the door, to Stephen Byrne of KCLR for judging and to the band Jorum. A total of €960 was donated to St Vincent de Paul. Thanks also to Sean Furlong, who did a great job as auctioneer

### FOCUS NEWS

Please email news items to focuskiltegan@hotmail.com, phone 059 6473330, 086 3409531 or

leave them in the FÁS letterbox in Kiltegan. The deadline for items is 10pm on Thursday night.

### SINGALONG

The monthly singalong takes place at Junior and Teresa's, Rathdangan on Thursday 17 November, all welcome.

### CRAFT FAIR

Tynock Christmas Craft Fair will take place on Sunday 4 December in Kiltegan Hall. Details are available from Angela on 059 6473210.

### KILTEGAN'S GOT TALENT

A talent competition takes place in St Peter's Parish Centre, Kiltegan, with €1,000 in prizes. The qualifying heats will be on Friday 25 November at 7.30pm, Saturday 26 November at 7.30pm, Sunday 27 November at 7.30pm. The grand final takes place on Friday 2 December at 7.30pm. This competition is open to all ages and all talents. The entry fee is €20 per act. Closing date for entries is 18 November. Full details and entry forms are available by phoning 086 7251035 or by email at stpeter.scentrekiltegan@gmail.com.



The Setanta Table Quiz team of Maria Aherne, Darrell Doyle, Lynn Doyle and Noel Aherne Photo: John Courtney

# Glór Cheatharlach

## Oireachtas na Samhna 2011

THAISTIL na mílte ó dheas go Cill Airne an tseachtain seo caite chun sult a bhaint as Oireachtas na Samhna 2011, príomhfhéile bhliantúil na nGael. Tá Oireachtas na Samhna ar cheann de na féilte bliantúil is mó in Éirinn a thugann pobal labhartha na Gaeilge ar fud na tíre agus muintir na Gaeltachta le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh ar shiamsaíocht, ar thraidisiún an tsean-nóis agus ar an gcultúr. Bhí an tOstán Gleneagle an-oiriúnach mar phríomh ionad na féile i mbliana agus bhain na sluaite ó cheann ceann na tíre taitneamh as scoth na hamhránaíochta, an rince agus an cheoil, agus thar aon ní eile, as an gcomhlúadar agus as an gcaidreamh. Bhí rogha mór imeachtaí ar chlár na féile ina measc comórtas ardáin, seisiúin, Club na Féile, an club amhránaíochta 'Casadh an tSúgáin', comhdhálacha, seimineáir, taispeántais, drámaí, ócáidí seolta agus imeachtaí éagsúla eile.



Emma Whitmore ag seastán eolais Pan Cheilteach ag an Oireachtas

Is iad na comórtas croílár an Oireachtas agus mar is gnáthach bhí iomaíocht ollmhór ins na comórtas san amhránaíocht sean-nós, rince aonair sean-nós, agallaimh beirte, lúibíní, scéalaíocht, seó ardáin, dreas cainte, sceitsí, scoraíocht, amhrán nuachumtha, píob uileann, veidhlín, cláirseach agus ceol beirte. Is é Corn Uí Riada an duais is mó clú agus cáil agus bhí amhránaíocht sean-nós den scoth le cloisteáil ó na hiomaitheoirí uile.

Comhgháirdeas le Jimmy Ó Ceannabhain ó Ros Muc, Co. na Gaillimhe a thóg an onóir i mbliana. Bhí Scléip na hÓige ar siúl ag tús na seachtaine roimh sheoladh an Oireachtas agus bhí na sluaite daoine óga i láthair ag baint suilt as na himeachtaí ceoil agus amhránaíochta, ceolchoirm agus dioscó, seó hiopnóise, comórtas díospóireachta, tráth na gceist, comórtas spóirt, taispeántais, ceardlanna sna healaíona éagsúla agus míle rud eile. Is ócáid mhór í Oireachtas na Gaeilge do mhuintir na tíre ach go háirithe do lucht labhartha na Gaeilge agus don Ghaeltacht agus tá sé ag dul ó neart go neart bliain i ndiaidh bliana. Táthar ag súil cheana féin le Oireachtas na Samhna 2012 a bheid ar siúl i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall!

## Comórtas Náisiúnta Amhránaíochta i gCeatharlach

SEOLADH comórtas náisiúnta ag Oireachtas na Samhna i gCill Airne chun Amhrán na hÉireann a roghnú do Chomórtas Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2012. Ní foláir an t-amhrán a bheith as Gaeilge. Is gá na focail agus an ceol a bheith nuachumtha agus glacfar le hamhrán traidisiúnta, pop amhrán, amhrán tíre nó amhrán rac cheilteach. Glacfar le hiarratais ar dlúthdhiosca suas go 20 Eanáir 2012. Déanfar gearrliosta de na hiarratais is fearr agus beidh na hamhráin a roghnófar le canadh ag an gComórtas Náisiúnta a reachtálfar ins an Óstán Seven Oaks, Ceatharlach ar an Déardaoin, 8 Márta. Cuirfidh an pearsa teilifíse Daithí Ó Sé na hamhráin i láthair agus beidh Ollie Hennessy ina stiúrthóir ceoil. Beidh moltóirí aitheanta i láthair agus measfar na hamhráin ar fheabhas na bhfocal, an cheoil agus an cur i láthair. Rachaidh an buaiteoir ar aghaidh chuig an Comórtas Idirnáisiúnta a bheidh ar siúl le linn na Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach a bheidh ar siúl i gCeatharlach mí níos déanaí ó 10 – 15 Aibreán. Beidh amhrán na hÉireann in iomaíocht leis na hamhráin náisiúnta eile ag Alba, An Bhreatain Bheag, Oileán Mhanainn, An Choirn agus An Bhriotáin chun an Corn Pan Cheilteach a thógaint. Is é IMRO a bheidh mar phríomh urra ar an gComórtas Náisiúnta i gcomhar le Gael Linn. Tá rialacha agus foirm iarratais ar fáil ar shuíomh greasáin [www.panceltic.ie](http://www.panceltic.ie) nó is féidir glaoc ar oifig Pan Cheilteach ar 059 9158105, 087 2857048. 'Sé an seoladh do dlúthdhioscaí agus iarratais ná An Comórtas Amhrán Pan Cheilteach, Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach.



## Leabhair Nua Do Pháistí

UIMHREACHA, Dathanna, Cruthanna agus Comhrá atá mar theideal ar shraithleabhar nua do pháistí óga atá foilsithe ag Cló Mhaigh Eo. Seo sraith álainn leabhair do pháistí óga scríofa agus maisithe go gleoite ag Ciara Ní Dhuinn. Is as Ceatharlach ó dhúchas do Chiara. Cháiligh sí mar dhearthóir agus bhog sí go Meiriceá sa bhliain 2004. Tá sí pósta le Kevin Pannachia agus cónaí orthu in Illinois lena n-iníon Eliana. Shmaoinigh Ciara ar na leabhair seo chun cuidiú le hEiliana eolas a chur ar an nGaeilge agus ar a dúchas Éireannach. Tá súil aici go mbainfidh tuismitheoirí eile sásamh agus tairbhe as na leabhair ghleoite chun an rud céanna a dhéanamh dá bpáistí féin. Seoladh na leabhair go hoifigiúil i rith Fhéile an Fhómhair i gCeatharlach agus táid ar díol go forleathan i siopaí leabhair ar fud na tíre. Is leabhair 28 leathanach lánadaite atá iontu ar fad agus tá siad ar fáil, luach €7, ó [www.leabhar.com](http://www.leabhar.com). Is féidir iad a cheannach go háitiúil sa siopa leabhair nua Bestsellers in Ionad Siopadóireachta Cheatharlach agus dhéanfaid siad bronntanas álainn do pháiste ar bith. Tá Ciara féin ar ais in Illinois i mbun pinn arís agus í ag obair ar thrí leabhar eile sa tsraith. Tá na leabhair curtha ar fáil le cabhair airgid ó Fhoras na Gaeilge.

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

### Glór Cheatharlach

Carlow Gateway Business Centre

Bóthar Átha Í, Ceatharlach. (059) 9158105 / (085) 1340047

[emma@glorcheatharlach.ie](mailto:emma@glorcheatharlach.ie) [www.glorcheatharlach.ie](http://www.glorcheatharlach.ie)

Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!